Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**9431/19**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0074(COD)**

**CODEC 1111**
**PECHE 245**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 (CE) ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/ … ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 11 Márta 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 13 Iúil 2016[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh ar an 7 Nollaig 2016[3].

[1] 6993/16.
[2] IO C 389, 21.10.2016, lch. 67.
[3] IO C 185, 9.6.2017, lch. 82.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 16 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 59/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an Ísiltír ag vótáil ina choinne;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8412/19.